SÁRMHAITHEAS TRÍ
OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí

*Laois and Offaly*
*Education and Training Board*

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
# 2021

loetb

www.loetb.ie

# CLÁR ÁBHAIR

**Réamhrá an Chathaoirligh** 4

**Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh** 5

**Bord agus Coistí Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí** 6

Ballraíocht an Bhoird 6
Tinreamh ag cruinnithe Boird 7
Dearbhú faoi Chomhlíonadh 8
Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Airgeadais 10

**Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí** 12

Próifíl na hEagraíochta 12
Léarscáil na Seirbhísí 13
Suíomh na Seirbhísí 14

Miondealú Foirne 15
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí 15
Scéim Teanga 15
Ráitis Airgeadais 16
Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéiseacha 17

**Tuarascáil Phlean na Seirbhíse** 18

**Gluais** 30

# RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur roimh Thuarascáil Bhliantúil 2021 thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF). Déanann BOOLUF obair leathan mar eagraíocht reachtúil a bhfuil freagracht air as iar-bhunscoileanna, breisoideachas agus oiliúint, seirbhísí óige, na healaíona san oideachas, agus riarachán ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí.

Léirítear sa tuarascáil seo rath na heagraíochta maidir lenár ról aitheanta sa phobal a fhorbairt mar sholáthraí deiseanna oideachais agus oiliúna atá inrochtana, ar ardchaighdeán, bunaithe go háitiúil agus ar fáil do gach aoisghrúpa. Bíonn riachtanais ár mac léinn ríthábhachtach i gcónaí don tseirbhís a chuireann an BOOLUF ar fáil agus is í an bhéim seo a chuirfidh ar ár gcumas freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an réigiúin atá i mbun athrú de réir mar a dhéanaimid dul chun cinn.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, Joe Cunningham, lena fhoireann bainistíochta, agus leis an bhfoireann BOOLUF go léir as a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach don tsármhaitheas trí oideachas agus oiliúint. D'imir Covid-19 tionchar suntasach ar sheirbhísí teagaisc, foghlama, agus tacaíochta BOOLUF agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann as na hiarrachtaí ollmhóra a rinne siad in ainneoin na ndúshlán uile a chuir an phaindéim romhainn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair mo chomhchomhaltaí Boird a chuireann a gcuid ama ar fáil go díograiseach gan stad gan staonadh ar mhaithe le rialachas BOOLUF.

Robert mc Dermott

An Clr. Robert McDermott
**Cathaoirleach**


# RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Is cúis mhór áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2021 BOOLUF a chur i láthair. Ba é 2021 an ceathrú bliain inar cuireadh i bhfeidhm ár Ráiteas Straitéise 5 bliana (2018-2022) agus is céim thábhachtach é i bhforbairt BOOLUF mar sholáthraí reachtúil an oideachais agus na hoiliúna sa réigiún. Tugann an tuarascáil seo deis machnamh a dhéanamh ar na gníomhartha a cuireadh i gcrích de réir spriocanna agus thosaíochtaí an ráitis straitéise agus de réir ár bPlean Seirbhíse don bhliain 2021 freisin. Ina theannta sin, leagtar amach sa tuarascáil achoimre ar an staid airgeadais agus faisnéis ábhartha faoi acmhainní daonna agus seirbhísí corparáideacha i rith na tréimhse seo. I rith 2021, bhí fócas seasmhach ag an eagraíocht fad a bhíomar meáite ar na deiseanna oideachais agus oiliúna ar feadh an tsaoil ar an gcaighdeán is airde a sholáthar do gach pobal ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí.

D'imir Covid-19 tionchar suntasach ó Mhárta 2020 ar shochaí na hÉireann, agus d'imir sé tionchar ar gach gné dár saol. Chruthaigh na hathruithe gaolmhara a rinneadh ar an earnáil oideachais agus oiliúna suaitheadh agus dúshlán. Mar gheall gur dúnadh saoráidí oideachais agus oiliúna, tháinig athruithe móra ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim agus ar ár seirbhísí tacaíochta. Táim thar a bheith bródúil as an tsárfhreagairt a thug bainistíocht agus foireann BOOLUF chun leanúnachas ár seirbhísí a chinntiú agus na deacrachtaí seo buailte linn. Tá dúshláin éagsúla tagtha romhainn ar fud na heagraíochta, ach ba dhaingean diongbháilte a bhí tiomantas agus dúthracht na foirne dár luachanna i gcónaí. Go deimhin, b'ábhar spreagtha gairmiúlacht, nuálaíocht, agus cruthaitheacht na foirne lena chinntiú gur bhain ár mic léinn an t-eispéireas agus toradh ab fhearr agus ab fhéidir amach agus cruachás agus éiginnteacht Covid- 19 sa mhullach orainn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an triúr Stiúrthóirí as an gceannaireacht a rinne siad i rith na tréimhse dúshlánaí seo. Léiríonn an líon méadaithe mac léinn a fhreastalaíonn ar ár scoileanna agus Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna an rath leanúnach atá ar ár gcuid oibre.

Ba mhaith liom mo bhuíochas agus m'ómós a chur in iúl dó na daoine seo a leanas:
An Cathaoirleach agus comhaltaí an Bhoird as a gcomhoibriú gníomhach maidir le gnó BOOLUF a chur chun cinn ar go leor bealaí le linn 2021;
Na comhaltaí ar Bhoird Bhainistíochta agus coistí BOOLUF a thugann a gcuid ama go flaithiúil chun obair an Bhoird a chur chun cinn;
Bainistíocht agus foireann ár scoileanna, ár n-ionad, ár seirbhísí agus ár n-oifigí riaracháin as a dtiomantas, a ndíograis agus a ndílseacht leanúnach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na baill foirne a d'oibrigh linn leis na blianta agus atá imithe ar scor anois, guím sláinte agus sonas orthu don todhchaí. Tá BOOLUF go mór faoi chomaoin acu as an tseirbhís ghairmiúil agus thiomanta a chuireann siad ar fáil don eagraíocht.



Joe Cunningham
**Príomhfheidhmeannach**

# BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

| Comhalta Boird | Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|
| An Clr Neil Feighery (Cathaoirleach, d'éirigh sé as mar Chathaoirleach ar an 24 Samhain 2020) | Tofa ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| An Clr Robert McDermott (ceaptha mar Chathaoirleach ar an 8 Nollaig 2020) | Tofa ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| An Clr Willie Aird | Tofa ag Comhairle Contae Laoise |
| An Clr Caroline Dwane-Stanley | Tofa ag Comhairle Contae Laoise |
| An Clr Catherine Fitzgerald (Leas-Chathaoirleach) | Tofa ag Comhairle Contae Laoise |
| An Clr Pádraig Fleming | Tofa ag Comhairle Contae Laoise |
| An Clr John King | Tofa ag Comhairle Contae Laoise |
| An Clr Mary Sweeney (d'imigh ar scor ar an 31 Nollaig 2021) | Tofa ag Comhairle Contae Laoise |
| An Clr John Carroll | Tofa ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| An Clr Clare Claffey | Tofa ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| An Clr Eddie Fitzpatrick | Tofa ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| An Clr Frank Moran | Tofa ag Comhairle Contae Uíbh Fhailí |
| Evelyn Dunne, Uasal | Ionadaí Foirne |
| Shane Flesk, Uasal | Ionadaí Foirne |
| Mary Cotter-Bracken, Uasal | Ionadaí Tuismitheoirí |
| Dave Cullen, Uasal | Ionadaí Tuismitheoirí |
| Maura Brophy, Uasal | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |
| Molly Buckley, Uasal | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |
| John Mollin, Uasal | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |
| Frank Smith, Uasal | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |
| Niall Tully, Uasal | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |

# TINREAMH AG CRUINNITHE BOIRD

| Comhalta Boird | Dáta Cruinnithe in 2021 | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 22 FEAB | 29 MART | 24 BEAL | 26 IÚIL | 27 M FÓM | 22 SAM | Iomlán |
| An Clr Caroline Dwane-Stanley | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | **5/6** |
| An Clr Catherine Fitzgerald | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | **2/6** |
| An Clr Clare Claffey | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | **4/6** |
| An Clr Eddie Fitzpatrick | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | **5/6** |
| An Clr Frank Moran | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | **2/6** |
| An Clr John Carroll | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **6/6** |
| An Clr John King | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | **1/6** |
| An Clr Mary Sweeney | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✗ | **2/6** |
| An Clr Neil Feighery | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | **1/6** |
| An Clr Pádraig Fleming | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **6/6** |
| An Clr Robert McDermott | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **6/6** |
| An Clr Willie Aird | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | **4/6** |
| Dave Cullen, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **6/6** |
| John Mollin, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | **4/6** |
| Niall Tully, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **6/6** |
| Shane Flesk, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | **5/6** |
| Evelyn Dunne, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **6/6** |
| Frank Smith, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | **5/6** |
| Mary Cotter-Bracken, Uasal | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **5/6** |
| Maura Brophy, Uasal | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | **2/6** |
| Molly Buckley, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **6/6** |

# DEARBHÚ FAOI CHOMHLÍONADH

Feidhmíonn BOOLUF i gcomhréir le hAcht BOO 2013, leis an gCód Cleachtais um Rialachas BOOanna 2019, agus le Ciorcláin ábhartha ón Roinn Oideachais. Tá an Bord freagrach as an bhfeidhm Fhorchoimeádta mar atá leagtha amach san Acht BOO 2013 agus tá an Fheidhmeannacht freagrach as gach feidhm eile.

Measann an Bord go gcuirtear ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid ghnóthaí an Bhoird i láthair i gceart sna Ráitis Airgeadais Bliantúla (RABanna). Cheadaigh an Bord na RABanna ag a chruinniú an 29 Márta 2022 i ndiaidh gur mhol an Coiste Airgeadais amhlaidh a dhéanamh. Tá na RABanna faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Foilseoidh BOOLUF na RABanna laistigh de mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ón Ard- Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Leanann an Bord le maoirseacht ghníomhach a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé gur thug sé faoi mheasúnú ar na príomhrioscaí, na bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart seo in 2021. Déanann an Bord an riosca don eagraíocht a bhainistiú trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca agus tugann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cúnamh dó maidir lena fheidhm riosca. Braitheann an Bord ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí – Boird Oideachais agus Oiliúna agus a chuid tuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil an Ard- Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar aon iniúchtaí seachtracha, ar nós iad siúd faoina dtugtar thar ceann Chiste Sóisialta na hEorpa. Is buanearra í Bainistíocht Riosca ag gach Cruinniú Boird agus déanann an Bord breithniú ar thuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar athruithe ar rátálacha riosca, agus ar an gClár Riosca. Tá na rioscaí ailínithe le haidhmeanna straitéiseacha BOOLUF agus tá rialuithe i bhfeidhm chun na rioscaí a mhaolú.

Rinne an Bord athbhreithniú ar nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh agus ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm ag BOOLUF. Cheadaigh an Bord an Ráiteas um Rialú Inmheánach ar mholadh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir a athraithe go dtí go gcuirfear an iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcrích, curtha san áireamh ar Leathanach 4 de na RABanna agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Deimhníonn an Cathaoirleach go bhfuil BOOLUF ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí. Deimhníonn an Cathaoirleach go bhfuil BOOLUF ag cloí le hoibleagáidí faoin dlí cánach.

Deimhníonn an Cathaoirleach tiomantas BOOLUF cloí lena Bheartais agus Nósanna Imeachta Soláthair i dteannta le rialacháin agus treoirlínte soláthair náisiúnta agus de chuid an Aontais Eorpaigh. Rinne BOOLUF an Plean Corparáideach Soláthair a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm in 2021. De réir cheanglas an Achta BOO, 2013 sonraí a fhoilsiú faoi aon bhronntanas a fuarthas a sháraíonn an méid a shonraigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dearbhaím nach bhfuarthas aon bhronntanais den saghas sin in 2021.

Chuir Cathaoirleach BOOLUF Tuarascáil Chuimsitheach rúnda faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna de réir Alt 6.8 den Chód Cleachtais um Rialachas BOOanna. Áirítear leis earraí ar nós dearbhú go bhfuil beartas Rialtais á chomhlíonadh, imeachtaí suntasacha iar-chlár comhardaithe, ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh agus cuntas ar gach forbairt lena mbaineann tábhacht tráchtála a rinne difear do BOOLUF sa bhliain roimhe sin.

In line with the requirement of the ETB Act 2013 to publish details of any gift received that exceed the amount specified by the Minister of Public Expenditure and Reform, I confirm that no such gifts were received in 2021. The Chairperson of LOETB submitted a confidential Comprehensive Report to the Minister for Education in accordance with Section 6.8 of the Code of Practice for the Governance of ETBs. It includes items such as affirmation that Government policy is being complied with, significant post balance sheet events, a statement on the system of internal control and an outline of all commercially significant developments affecting LOETB in the preceding year.

# BALLRAÍOCHT AGUS DÁTAÍ CRUINNITHE AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile cúig huaire le linn na bliana 2021:

| Ballraíocht an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | | Freastal ar Chruinnithe | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 18 Feab | 26 Márta | 09 Iúil | 10 M Fóm | 10 Noll | Iomlán |
| Mr Martin Byrne (Cathaoirleach) | Comhalta Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | **4/5** |
| Oliver McCormack | Comhalta Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **5/5** |
| Anne O'Keeffe | Comhalta Seachtrach | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **4/5** |
| Hughie Egan | Comhalta Seachtrach | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | **3/5** |
| Declan Kirrane | Comhalta Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **5/5** |
| An Clr Pádraig Fleming | Ball BOOLUF | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | **4/5** |
| Frank Smith | Ball BOOLUF | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **5/5** |
| An Clr John Carroll | Ball BOOLUF | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | **3/5** |

# BALLRAÍOCHT AGUS DÁTAÍ CRUINNITHE AN CHOISTE AIRGEADAIS

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile cúig huaire in 2021:

| Ballraíocht an Choiste Airgeadais | | Freastal ar Chruinnithe | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 18 Feab | 26 Márta | 09 Iúill | 10 M Fóm | 10 Noll | Iomlán |
| Mr Peter Scully (Cathaoirleach) | Comhalta Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **5/5** |
| Molly Buckley | Ball BOOLUF | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | **2/5** |
| An Clr Caroline Dwane-Stanley | Ball BOOLUF | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | **4/5** |
| John Mollin | Ball BOOLUF | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **5/5** |
| An Clr Neil Feighery* | Ball BOOLUF | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | **0/5** |
| An Clr Mary Sweeney | Ball BOOLUF | ✗ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | **2/5** |
| An Clr Clare Claffey | Ball BOOLUF | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | **3/5** |
| An Clr Eddie Fitzpatrick | Ball BOOLUF | ✗ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ | **2/5** |

* Tabhair do d'aire gur éirigh an Clr Neil Feighery as a ról ar an gCoiste Airgeadais ar an 26 Márta 2022 agus cuireadh an Clr Eddie Fitzpatrick ina áit.

# PRÓIFÍL NA HEAGRAÍOCHTA


Bunaíodh BOOLUF an 1 Iúil 2013 agus is é an soláthraí reachtúil seirbhísí oideachais agus oiliúna i Laois agus Uíbh Fhailí. Is í aidhm fhoriomlán BOOLUF ár mic léinn a chumasú chun a lánchumas a bhaint amach. Déanaimid ár ndícheall chun eispéiris foghlama a chur ar fáil a dhéanann freastal ar riachtanais na mac léinn, beag beann ar aois agus ar chumas. Cuirimid treoir agus tacaíochtaí ar fáil d'ár mic léinn chun cabhrú leo a spriocanna agus cáilíochtaí foghlama a bhaint amach. Cuirimid roghanna ar fáil d'ár mic léinn maidir le haistriú agus dul chun cinn san oideachas ionas gur féidir leo an deis is fearr is féidir a thabhairt dóibh coinneáil leis an mbreisoideachas agus oiliúint, agus post a fháil.

Maidir lenár dtiomantas don oideachas ionchuimsitheach, tugaimid aitheantas don tábhacht a bhaineann le háitreabh agus acmhainní oiriúnacha a bheith ag ár mic léinn. Tá aird againn ar na freagrachtaí atá orainn maidir le cearta an duine agus comhionannas, mar sholáthraí oideachais agus mar fhostóir. Tuigimid tábhacht na teicneolaíochta mar bhealach chun foghlaim, comhoibriú agus cumarsáid a fheabhsú i measc ár mac léinn agus ár bpáirtithe leasmhara. Chuige sin, táimid ag obair chun a chinntiú go bhfuil ár gcórais dhigiteacha inrochtana, iontaofa agus cosanta.

Tá sé mar aidhm againn leanúint d'fhorbairt a dhéanamh mar eagraíocht foghlama agus déanaimid cinnte go bhfuil teacht ag ár bhfoireann ar dheiseanna forbartha gairmiúil leanúnaí. Áirítear leis sin baill foirne a chumasú chun a bheith ina gcleachtóirí machnamhacha, chun a scileanna a fheabhsú agus chun comhoibriú lena gcomhghleacaithe. Aithnímid gur féidir an fhorbairt ghairmiúil a éascú i slite éagsúla, lena n-áirítear cláir chreidiúnaithe, ceardlanna agus líonraí foghlama gairmiúil.

Murach an fhoireann tacaíochta agus an fhoireann riaracháin inár scoileanna, ionaid agus seirbhísí, chomh maith leis na feidhmeanna tacaíochta ríthábhachtacha arna ndéanamh sa Cheannoifig, tuigimid nach mbeadh sé ar ár gcumas againn roinnt mhaith dár gcuid oibre a dhéanamh. Is rímhór dúinn an rannchuidiú a thugann na coistí éagsúla a thacaíonn le BOOLUF ar leibhéal eagraíochta agus inár scoileanna agus ionaid. Oibrímid i gcomhar le príomheagraíochtaí agus príomhghníomhaireachtaí freisin ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun seirbhís ardchaighdeáin a bhaint amach dár mic léinn.

# LÉARSCÁIL NA SEIRBHÍSÍ



# SUÍOMH NA SEIRBHÍSÍ

## Oifigí Riaracháin

Bóthar an Droma, Port Laoise

Foirgnimh an Chaisleáin, Tulach Mhór

## Scoileanna

Ard Scoil Chiaráin Naofa, Clóirtheach

Coláiste Bheannchair

Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic

Coláiste Pobail Oaklands, Éadan Doire

Coláiste Thulach Mhór

Coláiste Chluain na Slí

Coláiste Dhún Masc, Port Laoise

Coláiste Phort Laoise

Coláiste Naomh Fearghal, Ráth Domhnaigh

## Na hEalaíona

Scoil Cheoil Laoise,
Ionad Ceoil Laoise, Port Laoise

Music Generation Laois,
Ionad Ceoil Laoise, Port Laoise

## Breisoideachais agus Oiliúint

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chlóirthigh

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadan Doire

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Bhiorra

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhiorra

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chúil an tSúdaire

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Phort Laoise

Institiúid Phort Laoise

Ionad Scileanna Lár na Tíre

Ionad Náisiúnta Oiliúna Foirgníochta, Mount Lucas

Ionad Oideachais Phríosún Phort Laoise

Ionad Oideachais Phríosún Lár na Tíre

# MIONDEALÚ FOIRNE

| Catagóir | Iomlánl |
|---|---|
| Múinteoirí Iar-Bhunscoile | 431 |
| Múinteoirí/Oidí/Teagascóirí BOO | 277 |
| Foireann Riaracháin | 139 |
| Comhordaitheoirí/Bainisteoirí Ionaid | 16 |
| Oibrithe Acmhainne | 13 |
| Foireann Cothabhála | 42 |
| Foireann Tacaíochta (CRSanna san áireamh) | 139 |
| **IOMLÁN** | **1057** |

| Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí | |
|---|---|
| Joe Cunningham | Príomhfheidhmeannach |
| Marie Bracken | Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin |
| Tony Dalton | Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna |
| Linda Tynan | Stiúrthóir na Scoileanna |

# SCÉIM TEANGA

Tháinig an Scéim Teanga 2020-2022, faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, i bhfeidhm in 2022. Tá na ceanglais éigeantacha go léir i bhfeidhm agus cuireadh i bhfeidhm na gealltanais do chéad bhliain na scéime. Tá an Scéim Teanga ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

# RÁITIS AIRGEADAIS 2021

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúil BOOLUF don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi bhráid iniúchóireachta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus Tuarascáil Bhliantúil BOOLUF 2021 á foilsiú. Beidh ráitis airgeadais BOOLUF 2021 ar fáil ar an suíomh gréasáin www.loetb.ie nuair a bheidh iniúchóireacht déanta orthu.

Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh sna ráitis airgeadais:

- Sonraí maidir le táillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i leith Comhaltaí Boird agus anailísiú déanta orthu de réir catagóire;
- Tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha;
- Sochair Iarfhostaíochta;
- Socair foirceanta;
- Cúiteamh don phríomhbhainistíocht, más ann;

Cuirfear sonraí faoi líon na bhfostaithe ar tháinig laghdú idir €0 agus €59,999 orthu agus ar a sochair fostaí iomlána (gan costais phinsean fostóra a áireamh) don tréimhse thuairiscithe agus laistigh de gach banda pá €10,000 ó €60,000 aníos agus figiúir foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána fostóra san áireamh freisin sna ráitis airgeadais.

# FÍS, MISEAN, LUACHANNA AGUS SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

In 2018, d'fhorbair BOOLUF 'Ráiteas Straitéise 2018-2022' mar a éilítear faoi Alt 27 den Acht um BOO 2013. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo treo na heagraíochta sna cúig bliana atá romhainn a ligeann dúinn leanúint ar aghaidh le heispéireas oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar do phobail Laoise agus Uibh Fhailí. Leagtar amach cuspóirí ardleibhéil don eagraíocht i Ráiteas Straitéise BOOLUF faoi cheithre Sprioc Straitéiseacha. Baineann sraith tosaíochtaí straitéiseacha le gach sprioc ar leith a chomhlíonfar trí réimse gníomhartha tacaíochta. Ceapadh na spriocanna agus na tosaíochtaí sin chun cabhrú le BOOLUF tapú leis na deiseanna a thiocfaidh chun cinn sna cúig bliana atá romhainn, chomh maith le cabhrú linn dul i ngleic leis na dúshláin a bheidh roimh an eagraíocht sa tréimhse chéanna.

## FÍS

**Oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeáin a sholáthar go gníomhach i Laois agus in Uíbh Fhailí.**

## BUNCHUSPÓIR

**Sármhaitheas trí oideachas agus oiliúint**

## LUACHANNA

**Comhionannas, Comhoibriú, Gairmiúlacht, Iomláine agus Nuálaíocht**

| Ár Spriocanna Straitéiseacha 2018-2022 | |
|---|---|
| **Sprioc 1** | **Oideachas agus oiliúint sármhaith**<br>Teagasc, foghlaim agus measúnú ar a ndéantar dearbhú cáilíochta a sholáthar do chách, chomh maith le hardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe a chinntiú i measc na mac léinn. |
| **Sprioc 2** | **Eispéireas sármhaith do mhic léinn**<br>Eispéiris agus timpeallachtaí foghlama dearfacha ina bhfuil acmhainní agus áitribh oiriúnacha a sholáthar do mhic léinn. |
| **Sprioc 3** | **Bunathrú na hEagraíochta**<br>Cultúr nuálaíochta agus feabhsaithe a chur chun cinn laistigh den eagraíocht. |
| **Sprioc 4** | **Forbairt Foirne**<br>Lucht saothair ardcháilithe agus spreagtha a earcú agus a choinneáil, agus tacaíocht agus deiseanna foirne a sholáthar maidir le forbairt ghairmiúil, phearsanta agus ghairmréime leanúnach. |

# TUARASCÁIL MAIDIR LEIS AN PLEAN SEIRBHÍSE

## SPRIOC 1 OIDEACHAS AGUS OILIÚINT DEN SCOTH

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Eispéireas dearfach a sholáthar d'fhoghlaimeoirí uile, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe. | Scoileanna agus Ionaid le leanúint ar aghaidh eispéiris teagaisc, foghlama agus measúnaithe ionchuimsitheach agus ardchaighdeáin a cur ar fáil agus a fhorbairt tuilleadh do dhaltaí agus foghlaimeoirí uile. | Athbhreithniú leanúnach agus cultúr an fheabhsúcháin leanúnaigh inár scoileanna agus ionaid go léir. | R1 - R4 | Tacaíocht scoile a thabhairt do mhic léinn agus tuismitheoirí, ar bhonn aonair |
| | Deiseanna breise a chur ar fáil chun aiseolas a thabhairt do, agus a fháil ó, mhic léinn agus tuismitheoirí. | Aiseolas ó mhic léinn agus tuismitheoirí ar bhonn rialta | R1 - R4 | Aiseolas leanúnach a fháil ó mhic léinn agus tuismitheoirí ar bhonn rialta. |

## SPRIOC 2 EISPÉIREAS SÁRMHAITH A SHOLÁTHAR DO MHIC LÉINN

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Cur chuige glór mic léinn/foghlaimeoirí a chur chun cinn chun réimsí atá ag oibriú go maith agus réimsí is gá a fheabhsú a shainaithint | Deiseanna breise a chur ar fáil chun aiseolas a thabhairt do, agus a fháil ó, mhic léinn agus tuismitheoirí. | Aiseolas ó mhic léinn agus tuismitheoirí ar bhonn rialta | R1 - R4 | Aiseolas leanúnach a fháil ó mhic léinn agus tuismitheoirí ar bhonn rialta. |
| | I gcomhthéacs Covid-19, cuirfidh BOOLUF Cianteagasc agus Cianfhoghlaim Éigeandála i bhfeidhm, de réir mar is gá. | Leanúint d'oiliúint agus deiseanna comhoibritheacha a sholáthar don fhoireann trí Chianteagasc agus Cianfhoghlaim. | R1 - R4 | Leanúint d'oiliúint agus deiseanna comhoibritheacha a sholáthar don fhoireann trí Chianteagasc agus Cianfhoghlaim. |
| | Rannpháirtíocht foghlaimeoirí a éascú in Athbhreithniú Tionscnaimh DCCÉ | Rannpháirtíocht foghlaimeoirí i gcruinnithe an Phainéil Athbhreithnithe DCCÉ | R2 | Is cuid lárnach de phróiseas Féinmheasúnaithe DCCÉ é Aiseolas ó Fhoghlaimeoirí |
| | Rannpháirtíocht foghlaimeoirí i bhFóram Foghlaimeoirí AONTAS in 2021 | Rannpháirtíocht mhéadaithe foghlaimeoirí i bhFóram Foghlaimeoirí AONTAS 2021 | R4 | Líon méadaithe rannpháirtíochtaí i bhFóram Foghlaimeoirí AONTAS |
| | Samhail an Ionaid BOO a fhairsingiú ina soláthrófar cláir agus seirbhísí comhtháite ar shuíomh aonair. | Ionad BOO nua le hoscailt i mBiorra | R2 | Ionad BOO oscailte i mBiorra |

## SPRIOC 2 EISPÉIREAS SÁRMHAITH A SHOLÁTHAR DO MHIC LÉINN

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Curaclam a bhfuil bonn leathan faoi a sholáthar ina léirítear riachtanais agus ábhair spéise mac léinn agus foghlaimeoirí | Gaolmhaireachtaí a bhunú le forais cháiliúcháin eile chun freastal níos fearr a dhéanamh ar éilimh an mhargaidh saothair agus ar éilimh ó fhoghlaimeoirí, ar bhonn áitiúil agus ar bhonn náisiúnta. | Gaolmhaireachtaí bunaithe le forais cháiliúcháin (e.g. CABWI agus VTCT). | R3 | Gaolmhaireachtaí bunaithe. |
| | Tacaíocht a thabhairt do scoileanna ó thaobh Féinmheasúnaithe Scoile agus lean de caighdeáin an chreata 'Ag Féachaint ar an Scoil Againne' (LAOS) a chur i bhfeidhm. | Moltaí WSE-MLL agus Cigireacht Scoile curtha i bhfeidhm. | R1 - R4 | Moltaí curtha i bhfeidhm |
| | Leanfaidh BOOLUF d'fhoghlaim, teagasc agus measúnú ardchaighdeáin a chur ar fail i scoileanna. Ábhair & cláir nua a thabhairt isteach. | Coinneofar rollú mac léinn agus méadófar é i réimsí ina bhfuil deiseanna fáis. | R1 - R4 | Beartais Iontrála Nua i bhfeidhm i scoileanna uile. |
| Córais um Dhearbhú Cáilíochta a chur i bhfeidhm. | Tús a chur le forbairt agus athbhreithniú ar Bheartais um Dhearbhú Cáilíochta chun breithniú a dhéanamh ar modhanna seachadta nua agus athraitheacha. | Tús curtha le Beartas um Fhoghlaim Chumaisc a fhorbairt<br>Athbhreithniú déanta ar bheartais reatha chun scrúduithe agus próisis cur isteach ar líne a chur san áireamh. | R4<br><br>R2 | Beartas um Fhoghlaim Chumaisc tugtha isteach agus tús curtha leis.<br>Beartais riachtanacha sainaitheanta agus leasaithe. |
| Tacaíocht a thabhairt do dhaltaí/ foghlaimeoirí atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachasúil, i gcomhréir le beartas naisiúnta reatha. | Tacaíochtaí ionchuimsitheachta a fhorbairt ar fud na Seirbhíse BO (Breisoideachas agus Oiliúna). | Oifigigh um Ionchuimsiú a cheapadh in Ionaid BO | R4 | 5 Oifigeach um Ionchuimsiú a cheapadh, na hOifigigh eile le ceapadh in 2022. |
| | Cur chuige um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim a ghlacadh i leith soláthair BO. | Líon na Suaitheantas Digiteach um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim a mhéadú agus éiteas um Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim a chuimsiú i soláthar BO. | R4 | Pobal cleachtais bunaithe. |
| | Aghaidh a thabhairt ar an deighilt dhigiteach i measc cohórt atá faoi mhíbhuntáiste. | Cláir dhigiteacha bhunúsacha, scileanna digiteacha comhtháite i gcláir reatha, agus tacaíocht d'fhaighteoirí maoinithe MAED a thabhairt isteach. | R3 | Cláir dhigiteacha bhunúsacha, scileanna digiteacha comhtháite isteach i gcláir reatha, agus tacaíocht d'fhaighteoirí maoinithe MAED tugtha isteach. |

## SPRIOC 2 EISPÉIREAS SÁRMHAITH A SHOLÁTHAR DO MHIC LÉINN

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht a thabhairt do dhaltaí/ foghlaimeoirí atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachasúil, i gcomhréir le beartas naisiúnta reatha. | Cláir a thabhairt isteach do ghrúpaí sonracha atá faoi bhuntáiste. | Dhá Thionscnamh Oiliúna Áitiúla a thosú, dírithe ar daoine óga atá dífhostaithe agus ar dhaoine den phobal taistealaithe. | R1 - R2 | Dhá Thionscnamh Oiliúna Áitiúla a thosú, dírithe ar dhaoine óga atá dífhostaithe agus ar thaistealaithe. |
| | Leanúint de thús áite a thabhairt do thacaíochtaí agus idirghabhálacha do mhic léinn uile atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil. | Leanúint de thacaíocht a thabhairt do spriocanna agus athbhreithnithe DEIS i scoileanna. | R1 - R4 | Tacaíocht leanúnach á tabhairt do spriocanna agus athbhreithnithe DEIS i scoileanna. |
| Seirbhísí treoir-chomhairleoireachta a chur ar fáil. | Scoileanna le leanúint ar aghaidh seirbhísí treoirchomhairleoireachta den scoth a chur ar fáil do mhic léinn.<br><br>Samhail treorach a chomhtháthú tuilleadh ar fud na Seirbhíse BO.<br><br>Eolas Treorach agus Moil Tacaíochta a bhunú sa réigiún. | Tá rochtain ag na scoileanna go léir ar threoir agus ar chomhairleoireacht. Líon níos mó múinteoirí cáilithe mar Threoirchomhairleoirí. Ionchur treorach mar chuid de na cláir BO go léir.<br><br>Moil bunaithe i bPort Laoise agus i dTulach Mhór | R3 | Líon níos mó múinteoirí cáilithe mar Threoir-chomhairleoirí.<br><br>Mol Thulach Mhór le hoscailt i R2 2022 |
| Saoráidí ardcháilíochta foghlama/oiliúna a chur ar fáil agus a chinntiú go bhforbraítear bonneagar iomchuí chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainní. | Ceadú a lorg le haghaidh tionscadal chaipitil eile a d'fhéadfaí a shainaithint in 2021.<br>Cinntigh go gcuirfear tionscadail tógála, sínte agus athchóirithe scoile/ionaid i gcrích chomh luath agus is féidir. | Cóiríocht bhreise do scoileanna atá ag fás agus pleananna maidir le scoileanna agus ionaid reatha a athchóiriú.<br><br>Tionscadail curtha i gcrích in am. | R1 - R4 | Bainistíocht a dhéanamh ar na tionscadail go léir i gcomhréir le Treoirdhoiciméid Teicniúla.<br>Tionscadail curtha i gcrích laistigh den bhuiséad agus in am. |
| Oideachas allamuigh a chur chun cinn agus a fhorbairt | Leanúint de thacaíocht a thabhairt do scoileanna, grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla trí dheiseanna a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí fisiciúla.<br><br>Leanúint le gníomhaíochtaí a fhorbairt lena chinntiú go bhfuil táirgiúlacht ag an ionad i rith na bliana go léir. | Deis a chur ar fáil do mhic léinn gníomhaíocht fhisiciúil agus caitheamh aimsire allamuigh a dhéanamh in Scileanna Loingseoireachta, Cnocadóireacht, Rothaíocht Sléibhe, agus Rothaíocht.<br><br>Tús a chur leis an mbac-chúrsa nua-thógtha a úsáid tríd an tionscnamh 'an scoil is aclaí'. | R4 | Scoileanna spreagtha agus éascaithe chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht fhisiciúil agus caitheamh aimsire allamuigh. |

## SPRIOC 2 EISPÉIREAS SÁRMHAITH A SHOLÁTHAR DO MHIC LÉINN

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Pleanáil a dhéanamh maidir le déimeagrafaic atá ag athrú. | Tacú le gnólachtaí áitiúla a riachtanais scileanna todhchaí a thuiscint agus deiseanna iomchuí uasoiliúna agus athoiliúna a chur ar fáil. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhéimeagrafaic áitiúla. | Sraith de sheimineáir gréasáin a chur ar fáil dar teideal 'Féachaint chuige go Seasfaidh do Ghnó an Aimsir'.<br><br>Cláir nua forbartha mar fhreagairt ar riachtanais athraitheacha déimeagrafaice. | R1 - R4 | Leanúint de rollú i scoileanna a mhéadú. |
| Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le fostóirí. | Cúrsaí ábhartha BO agus deiseanna ábhartha uasoiliúna/athoiliúna a sholáthar a chomhlíonann riachtanais ghnó áitiúil amach anseo. | TFC agus cláir um Fhuinneamh In-athnuaite a fhorbairt tuilleadh amach anseo. | R1 - R4 | Méadaithe ó thaobh clár de. |
| | An tacaíocht uasoiliúna, tacaíocht ghairmiúil agus tacaíocht forbartha bainistíochta atá ag teastáil ó fhostaithe reatha i bhfiontair áitiúla a chur ar fáil. | Líonraí d'fhostóirí áitiúla a fhorbairt chun scileanna a chomhroinnt agus cláir a fhorbairt chun freastal ar riachtanais. | R4 | Líonraí curtha ar bun. |
| Cláir oiliúna agus cláir phrintíseachta a sholáthar agus a fhorbairt | Leanúint de chláir oiliúna a sholáthar a dhéanann freastal ar na riachtanais scileanna reatha a bhaineann le fiontar áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. | Cláir Oiliúna sa Chúram Sláinte, Innealtóireacht, Fóntais agus Fáilteachas a chur ar fáil in 2021. | R1 - R4 | Clár printíseachta fós ar siúl. |
| | An Chéad Chlár Printíseachta Scafalra in Éirinn a bhunú. | Tús curtha le clár printíseachta (ceithre ghrúpa in 2021). | | Líon méadaithe rannpháirtithe ar na cláir phrintíseachta. |
| | Leanúint de Sholáthar Clár Oiliúna i Scileanna Todhchaí a fhorbairt chun Scileanna Glasa & Digiteacha a chur chun cinn a thacóidh chun Lár na Tíre a aistriú chuig Réigiún Ísealcharbóin. | Cláir Oiliúna nua in 2021 - Meicneoir Rothair, Cianobair, TFC, Athshlánú Portach agus Talmhaíocht Inbhuanaithe. | R1 - R4 | Leanúint de Cláir Oiliúna nua a chur chun cinn.<br>Forbairt agus leathnú déanta ar Scileanna Glasa & Digiteacha |

## SPRIOC 2 EISPÉIREAS SÁRMHAITH A SHOLÁTHAR DO MHIC LÉINN

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017. | Cinntigh go bhfuil na bearta iomchuí um chumhdach leanaí i bhfeidhm.<br>Tacaíocht agus oiliúint ar bonn rialta do Dhaoine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIAanna).<br>Oiliúint don Bhord Bainistíochta a chuimsíonn Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí (CPOR). | Comhlíonann scoileanna na riachtanais maidir le Cigireachtaí Scoile maidir le Cosaint Leanaí (CPSI).<br>Oiliúint um Chosaint Leanaí curtha i gcrích ag Boird Bainistíochta agus baill foirne nua go léir.<br>Oiliúint leanúnach um Chosaint Leanaí do bhaill foirne BO ábhartha. | R1 - R4 | Leanadh dá chinntiú go raibh na riachtanais iomchuí maidir le CPSI á gcomhlíonadh ag scoileanna uile. |
| Tús áite a thabhairt do STEM/STEAM i scoileanna. | Leanúint ar aghaidh den phlean. agus beartas cur chun feidhme STEM a chur i bhfeidhm agus tús áite a thabhairt dó<br>Úsáid na teicneolaíochta a chur chun cinn agus tús áite a thabhairt dó chun teagasc, foghlaim agus measúnú a fheabhsú i scoileanna. | Leanúint den fheidhmíocht in ábhair STEM/STEAM a fheabhsú agus a athbhreithniú.<br>Tá rochtain ag mic léinn go léir ar ábhair STEAM.<br>Glacann múinteoirí páirt i FGL sna hábhair sin. | R1 - R4 | Feidhmíocht fheabhsaithe sna ábhair STEM/STEAM.<br>Rannpháirtíocht leanúnach múinteoirí sna hábhair sin. |
| Tacaíochtaí foghlama TFC ar ardchaighdeán a sholáthar i scoileanna/ionaid | Trealamh agus saoráidí TFC ar ardchaighdeán a sholáthar.<br>Forbairt ghairmiúil leanúnach do bhaill foirne a chur chun cinn. | Leanúint ar aghaidh de phleananna na foghlama digití a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sna scoileanna go léir.<br>Rannpháirtíocht a sholáthar agus a mhéadú i ndeiseanna comhoibritheacha do bhaill foirne. | R1 - R4 | Pleananna na foghlama digití a chur i bhfeidhm ar fud na scoileanna.<br>Oiliúint TFC curtha ar fáil Don fhoireann uile |

## SPRIOC 2 EISPÉIREAS SÁRMHAITH A SHOLÁTHAR DO MHIC LÉINN

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Comhionannais agus ionchuimsiú sóisialta gníomhach. | Éiteas na hIonchuimsitheachta a chur chun cinn mar fhreagracht ar chách. Leanúint de fhreagairt ar riachtanais daoine óga, go mór mór iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste, i mbaol, soghonta agus imeallaithe. | Líonra Tacaíochta Ionchuimsitheachta Pobail Cleachtais a fhorbairt agus Seachtain Ionchuimsitheachta BO a óstáil. Comhpháirtíochtaí reatha a fheabhsú agus comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt le páirtithe leasmhara ábhartha chun freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais, oiliúna, ealaíonta agus oibre óige i Laois agus Uíbh Fhailí. Leanúint de chláir a fhorbairt agus a chur ar fáil trí Music Generation agus tríd an gComhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaitheach | R3<br><br>R1 - R4 | Tá Tacaíochta Ionchuimsitheachta fós ar siúl.<br><br>Rochtain agus coinneáil mhéadaithe foghlaimeoirí BO.<br><br>Leanúint de chláir a fhorbairt agus a chur ar fáil trí Music Generation agus tríd an gComhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaitheach |
| Cláir Chosanta | Cabhraigh leis an Roinn Oideachais, de réir mar is cuí, freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint agus soláthar a dhéanamh d’iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta. | Leanúint de chomhoibriú le grúpaí oibre idirghníomhaireachta agus oibrithe tacaíochta chun a chinntiú go bhfuil freastal á dhéanamh ar riachtanais oideachais dídeanaithe. | R1 - R4 | Comhoibriú leanúnach le grúpaí oibre idirghníomhaireachta agus oibrithe tacaíochta chun a chinntiú go bhfuil freastal á dhéanamh ar riachtanais oideachais dídeanaithe. |

## SPRIOC 3 BUNATHRÚ NA hEAGRAÍOCHTA

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Leanúint de struchtúir a fhorbairt agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta i gcomhréir leis an gCód Cleachtais. | Déanfaidh BOOLUF athbhreithniú ar struchtúir chun a chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil ar bhealach cost-éifeachtúil, éifeachtach agus comhlíontach.<br>Tá BOOLUF ina bhall den fhóram um rialachas IPA (an Foras Riaracháin) agus de IBEC.<br><br>Teagmháil ghníomhach a dhéanamh le Seirbhísí Gnó Comhroinnte an Oideachais maidir le cur i bhfeidhm an Chórais Seirbhísí Airgeadais.<br><br>Cinntigh go gcloítear le tuarascálacha a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais. | D'fhreastail foireann an rannóige Rialachais Chorparáidigh ar chruinnithe rialta de chuid an Fhóraim um Rialachas (an Foras Riaracháin).<br>D'fhreastail Cathaoirleach an Bhoird ar chruinnithe arna n-eagrú ag an bhFóram um Rialachas (an Foras Riaracháin).<br>Monatóireacht déanta ar an gcóras airgeadais nua chun dea-chleachtas a chinntiú.<br>Cloíodh le spriocdhátaí tuairiscithe chun comhlíonadh le hiarratais na Roinne Oideachais a chinntiú.<br>Beartas agus Nósanna Imeachta um Sholáthar nuashonraithe agus curtha i bhfeidhm, curtha in iúl agus monatóireacht déanta orthu ar fud na heagraíochta.<br>Monatóireacht déanta ar chaiteachas chun deiseanna soláthair a shainaithint chun luach ar airgead a chinntiú ar fud na heagraíochta. | R1 - R | Tuarascálacha reachtúla uile curtha isteach in am. |
| A bheith mar sholáthraí oideachais, agus cultúr nuálaíochta agus gníomhartha feabhsuithe a chur ina luí ar dhaoine. | Ár gcroíluachanna a leabú, agus a chinntiú go bhfuil siad i gcroí lár ár gcuid oibre ar fad laistigh den eagraíocht. | Athbhreithniú ar thionchar ár gcroíluachanna ar oibríochtaí<br>Ceapadh Comhordaitheoir Éitis agus cuireadh FGL maidir le croíluachanna ar fáil. | R4 | Comhordaitheoir Éitis ceaptha agus ag obair le scoileanna. |

## SPRIOC 3 BUNATHRÚ NA hEAGRAÍOCHTA

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Rialachas eiticiúil a chur chun cinn chun cuntasacht agus luach ar airgead a chinntiú. | Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar bheartais, nósanna imeachta agus córais chun ár seirbhísí a fheabhsú. | Athbhreithniú a dhéanamh a Bheartais agus Nósanna Imeachta.<br>Scoileanna/aonaid/riarachán comhaontaithe ar dhoiciméid um rialú inmheánach.<br>Cur chun feidhme leanúnach an Phlean um Sholáthar Corparáideach.<br>Oiliúint don fhoireann maidir leis an gCód Cleachtais.<br><br>Doiciméid SIPO curtha i gcrích don Bhord, don CIR agus don Choiste agus do na róil fostaíochta ainmnithe go léir, lena n-áirítear an fhoireann ar fad i Rannóg an tSoláthair. | R1 - R4 | Doiciméid SIPO curtha i gcrích in am. |
| Creat Bainistíochta Riosca a chur i bhfeidhm chun cuspóirí Straitéiseacha a bhaint amach | Cláir Riosca gníomhacha a chothabháil<br>Ba cheart go gcintíonn bord BOO go bhfuil próiseas leanúnach i bhfeidhm chun rioscaí suntasacha a shainaithint agus chun dul i ngleic le rioscaí suntasacha a bhaineann le Covid-19 maidir le torthaí an eintitis a bhaint amach.<br>Tacóidh CIR leis an mbord sa ról seo. | An Clár Rioscaí a ailíniú an athuair leis an Ráiteas Straitéise agus leis an bPlean Seirbhíse 2021.<br>Monatóireacht agus athbhreithniú déanta ar rioscaí<br>Clár Rioscaí nuashonraithe agus tuairiscithe don CIR ar bhonn ráithiúil. | R1 - R4 | Ráiteas Inghlacthachta Riosca á fhorbairt. |
| Rialuithe Inmheánacha. | Cinnteoidh BOOLUF go dtugann sé go leor dearbhaithe don CIR agus don Bhord go bhfuil rialuithe sonracha á bhfeidhmiú mar a bheartaítear.<br>Déanfar athbhreithniú ar mholtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí. | Cuireadh athbhreithniú i gcrích ar thuarascálacha um chomhlíonadh ó scoileanna, ionaid agus riarachán.<br>Cuireadh athbhreithniú ar na rialuithe i bhfeidhm faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.<br>Tuarascáil maidir le moltaí an iniúchta a ndearnadh don CIR agus moltaí an iniúchta curtha i bhfeidhm. | R1 | Rialuithe inmheánacha breise curtha i bhfeidhm.<br>Rialuithe ailínithe le moltaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. |

## SPRIOC 3 BUNATHRÚ NA hEAGRAÍOCHTA

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Féinmheasúnuithe Boird. | Déanfaidh na boird go léir a bhféinmheasúnuithe féin, ag baint leasa as an gceistneoir atá ag cúl an Chóid Cleachtais, chun réimsí a shainaithint inar gá feabhsúcháin a dhéanamh. | Ceistneoir féinmheasúnaithe curtha i gcrích ag comhaltaí boird uile agus aiseolas curtha ar fáil.<br>Oiliúint curtha ar fáil de réir mar is gá. | R1 agus R4 | Ceistneoirí uile curtha ar ais ag comhaltaí an bhoird.<br><br>Oiliúint curtha ar fáil do Bhoird, de réir mar ba ghá. |
| Saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais. | Ba cheart don bhord, i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí, ceapacháin a dhéanamh don CIR agus don Choiste Airgeadais. Ba cheart do bhaill sheachtracha na gcoistí na scileanna agus taithí iomchuí iniúchóireachta agus airgeadais a thabhairt leo chuig an ról. | Scileanna iniúchóireachta agus airgeadais san áireamh sna hinniúlachtaí chun comhaltaí a cheapadh don CIR. | R4 | Comhaltaí a cheaptar don CIR ard-oilte sna inniúlachtaí ábhartha. |
| Féinmheasúnacht ag an gCoiste Airgeadais agus an CIR. | Ba cheart do chathaoirleach an CIR agus cathaoirleach an Choiste Airgeadais a chinntiú go gcuirtear cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích ar bhonn bliantúil, mar a éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas na mBOOanna. | Ceistneoir féinmheasúnaithe curtha i gcrích ag comhaltaí boird uile agus aiseolas curtha ar fáil.<br>Oiliúint curtha ar fáil de réir mar is gá. | R1 | Ceistneoir féinmheasúnaithe faighte ar ais agus aiseolas tugtha do chomhaltaí boird uile. |
| | Ba cheart do chathaoirleach gach bord ar leith a chinntiú go dtugtar tuarascálacha i scríbhinn do chomhaltaí an bhoird maidir le hobair an Choiste Airgeadais agus an CIR mar a éilítear faoin gCód Cleachtais um BOOanna a Rialú. | Miontuairiscí cruinnithe agus Tuarascáil Bhliantúil curtha faoi bhráid Bhord BOOLUF ag an CIR agus an Coiste Airgeadais. | R1 | Miontuairiscí agus tuarascálacha uile tugtha don Bhord. |
| Freastal ar chruinnithe Boird. | Cuirfidh boird aonair béim an athuair ar an riachtanas a bhaineann le freastal ar chruinnithe uile de chuid an Bhoird, mar a éilítear faoin gCód Cleachtais um BOOanna a Rialú. | Chuir Cathaoirligh i gcuimhne do chomhaltaí Boird an dualgas a bhaineann le freastal iomlán ag cruinnithe uile. | R1 agus R4 | Thuig comhaltaí Boird an dualgas a bhaineann le freastal iomlán ag cruinnithe uile. |

## SPRIOC 3 BUNATHRÚ NA hEAGRAÍOCHTA

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Cumarsáid éifeachtúil a dhéanamh | Straitéis chuimsitheach Cumarsáide a fhorbairt.<br>Oifigeach Cumarsáide a cheapadh.<br>Ceangaltais na Scéime Teanga a chur i bhfeidhm.<br>Leanúint d'úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.<br>Na meáin shóisialta a úsáid go réamhghníomhach chun BOOLUF agus a sheirbhísí a chur chun cinn. | Straitéis Cumarsáide forbartha.<br><br>Oifigeach Cumarsáide ceaptha.<br><br>Oiliúint maidir leis an nGaeilge a úsáid curtha ar fáil don fhoireann fáiltithe i ngach Scoil/Ionad/Oifig Riaracháin.<br><br>Cainéil meán sóisialta iomchuí i bhfeidhm chun seirbhísí a chur chun cinn. | R4<br><br>R1<br>R2<br><br>R3 - R4 | Straitéis Cumarsáide á fhorbairt.<br>Oifigeach Cumarsáide ceaptha.<br><br>Oiliúint tosaithe/fós ar siúl.<br><br>Cainéil meán sóisialta cuíchóirithe ar mhaithe le seasmhacht branda, cainéil nua curtha leis, físeáin ghearra forbartha. |
| Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le páirtithe leasmhara seachtracha. | BOOLUF a chur chun cinn mar thogróir comhpháirtíochtaí.<br>Meabhrán Tuisceana a bhunú le Soláthraithe Pobail agus Deonacha um Breisoideachas faoi Chomhaontú Dearbhaithe Cailíochta BOOLUF le DCCÉ. | Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm le páirtithe leasmhara ábhartha.<br>Lean BO le teagmháil ghníomhach a dhéanamh le struchtúir forbartha áitiúla agus pobail (e.g. Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, cuideachtaí Comhpháirtíochta)<br>Meabhrán Tuisceana comhaontaithe le Soláthraithe. | R1 - R4 | An chéad Mheabhrán Tuisceana le síniú R2 2022. |
| Cosaint sonraí éifeachtach a chinntiú. | Leanfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí (OCS) de mhonatóireacht a dhéanamh ar chosaint sonraí chun comhlíonadh a chinntiú. | Straitéisí forbartha ag an OCS agus an tOifigeach um Chomhlíonadh chun a chinntiú go raibh an fhoireann ar an eolas faoina n-oibleagáidí cosanta sonraí.<br>Foireann nua uile oilte maidir le cosaint sonraí. | R2<br><br>R3 | Foireann uile oilte maidir le cosaint sonraí. |

## SPRIOC 3 BUNATHRÚ NA hEAGRAÍOCHTA

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Teagmháil éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt. | Cinntigh go bhfuil ionadaíocht á déanamh ar BOOLUF ar Bhoird/Fóraim ábhartha a bhaineann le hOideachas agus Oiliúint a sholáthar. | Foireann BOOLUF ainmnithe chuig Líonraí agus Fóraim IBEC ábhartha. | R1 | Ghlac an fhoireann páirt i bhfóraim agus líonraí ábhartha. |
| Comhlíonadh le ceanglais reachtúla agus rialála a chinntiú. | Leanúint ar aghaidh le próisis a fhorbairt chun comhlíonadh le ceanglais reachtúla agus rialála a chinntiú, agus monatóireacht a dhéanamh ar na próisis sin. | An Lámhleabhar Sláinte agus Sábháilteachta agus Measúnuithe Riosca curtha i bhfeidhm i scoileanna/ionaid/oifig í riaracháin uile.<br><br>Oiliúint curtha ar fáil le haghaidh Oifigeach Sábháilteachta agus foireann ábhartha. | R3 - R4 | Chuir Covid-19 isteach ar an oiliúint; pleanáilte do R1 & R2 2022. |
| Earcaíocht agus coinneáil foirne. | Leanfaidh BOOLUF de na próisis earcaíochta a athbhreithniú agus a fhorbairt. Forbróidh BOOLUF freagairtí iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh scileanna soláthair i réimsí ábhair áirithe. | Baill an Bhord Roghnúcháin oilte ar WebEx.<br>Earcaíocht leanúnach do phainéil ionadaíochta BOOLUF i rith na bliana acadúla.<br>Feachtais earcaíochta spriocdhírithe forbartha agus béim faoi leith á cur ar na réimsí ina sainaithnítear easnaimh ó thaobh scileanna de. | R1 - R4 | Feachtais earcaíochta spriocdhírithe ar siúl go leanúnach. |

## SPRIOC 4 FORBAIRT FOIRNE

| TOSAÍOCHT | GNÍOMHAÍOCHT | TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | SPRIOC | TRÁCHTAIREACHT |
|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht a thabhairt don fhoireann maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach. | Cultúr forbartha gairmiúla agus tacaíocht don fhoireann uile a chothú.<br>Beartais agus pleananna oiliúna agus forbartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Cinntíodh comhoibriú agus comhroinnt an dea-chleachtais trí leas a bhaint as SharePoint.<br>Feidhmíonn plean oiliúna foirne i ngach Aonad Tacaíochta agus Forbartha faoi threoir Ardbhainisteora. | R1 - R4 | Ábhair curtha ar fáil don fhoireann uile ar SharePoint. |
| Ceannaireacht atá ar ardchaighdeán a thacú agus a fhorbairt in BOOLUF. | Pobail Chleachtais a bhunú i réimsí sonracha ábhair. | Pobail Chleachtais ardtosaíochta bunaithe. | R3 | Pobail Chleachtais bunaithe i TF agus Gnó |
| | Scileanna agus inniúlachtaí cianoibre a thabhairt do bhaill foirne riaracháin. | Clár oiliúna iomchuí maidir leis an Chianobair a sholáthar don fhoireann riaracháin ar fud an BOO. | R2 | Clár oiliúna maidir leis an Chianobair a sholáthar don fhoireann riaracháin ar fud an BOO |
| | Clár ceannaireachta gníomhaí a fhorbairt don fhoireann, lena n-áirítear an mheánbhainistíocht agus an bhainistíocht shinsearach. | Oiliúint maidir le Cianfhoirne a Stiúradh curtha i bhfeidhm do bhainisteoirí líne ar fud na heagraíochta. | R1 | D'fhreastail na bainisteoirí líne go léir ar an oiliúint riachtanach chun |
| | Deiseanna forbartha gairmiúla a sholáthar dóibh siúd a dteastaíonn uatha bheith ina gceannairí. | | | Cianfhoirne a Stiúradh. |
| A chinntiú go bhfuil rochtain ag an bhfoireann uile ar an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe. | Leanaimid den tseirbhís a chur chun cinn, go mór mór chun feasacht a chothú i measc na foirne neamhtheagaisc. | Eolas maidir leis an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe ar fáil don fhoireann uile ar SharePoint. | R1 | An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe á chur chun cinn i gcónaí. |
| Timpeallacht oibre dhearfach, thacúil agus shábháilte a chur ar fáil agus tacaíocht a thabhairt d'fholláine foirne | Díriú ar thionscnaimh shonracha chun folláine foirne a chur chun cinn agus rannpháirtíocht foirne a spreagadh. | Clár folláine curtha ar fáil i scoileanna, ionaid agus oifigí riaracháin uile. | R1 - R4 | Clár folláine curtha ar fáil i scoileanna, ionaid agus oifigí riaracháin uile. |

# GLUAIS

| | |
|---|---|
| AD | Acmhainní Daonna |
| BO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| BOOÉ | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| BOOLUF | Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí |
| CABWI | Foras Cáiliúcháin do na Tionscail Uisce agus Fóntais |
| Clr | Comhairleoir |
| CIR | Coiste Iniúchóireachta agus Riosca |
| CRS | Cúntóir Riachtanais Speisialta |
| DA | Dearbhú Cáilíochta |
| DCCÉ | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna |
| DIA | Duine Idirchaidreamh Ainmnithe (DLP) |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| IBEC | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| IPA | Foras Riaracháin |
| LAOS | An Creat 'Looking at Our Schools'/'Ag Féachaint ar an Scoil Againne' |
| MAED | An Ciste 'Mitigating Against Educational Disadvantage' |
| MGL | Music Generation Laois |
| RAB | Ráiteas Airgeadais Bliantúla |
| RSO | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| SIPO | An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí |
| SOLAS | An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (Údarás BO) |
| STEM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Mata |
| STEAM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaín agus Mata |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| VTCT | Foras Cáiliúcháin - Vocational Training Charitable Trust |
| WSE-MLL | Meastóireacht ar an Scoil Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht & Foghlaim |

# NOTES

ANNUAL REPORT 2021

loetb

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Có-mhaoinithe ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

www.loetb.ie